C/2026/4218

6.8.2026

Fógra faisnéise ó Údarás Faireacháin CSTE de bhun Airteagal 17(5) de Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le rialacha comhchoiteanna le haghaidh oibriú aersheirbhísí sa Chomhphobal

Cuireadh chun tairisceana i leith oibriú aersheirbhísí sceidealaithe i gcomhréir le hoibleagáidí seirbhíse poiblí

(C/2026/4218)

Ballstát	An Iorua
Na haerbhealaí lena mbaineann	— Røros–Osló (an dá threo) — Florø–Osló (an dá threo) — Stord–Osló (an dá threo) — Ørsta-Volda–Osló (an dá threo) — Førde–Osló (an dá threo) — Sogndal–Osló (an dá threo) — Sandane–Osló (an dá threo) — Ørsta-Volda–Bergen (an dá threo) — Sogndal–Bergen (an dá threo) — Sandane–Bergen (an dá threo)
Tréimhse bhailíochta an chonartha	1 Samhain 2027 – 31 Deireadh Fómhair 2031
Sprioc-am le tairiscintí a chur isteach	6 Deireadh Fómhair 2026
An seoladh ónar féidir téacs an chuiridh chun tairisceana agus aon fhaisnéis ábhartha agus/nó doiciméadacht ábhartha a bhaineann leis an tairiscint phoiblí agus leis na hoibleagáidí seirbhíse poiblí modhnaithe a fháil	Aireacht Iompair na hIorua Akersgata 59 (R5), Osló AN IORUA Aimsigh doiciméad - regjeringen.no